



2025/2015

13.10.2025

CINNEADH (AE) 2025/2015 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 23 Meán Fómhair 2025

maidir le forálacha idirthréimhseacha chun cúlchistí íosta a chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach tar éis an euro a thabhairt isteach sa Bhulgáir (BCE/2025/33)

TÁ BORD FEIDHMIÚCHÁIN AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 19.1 agus 46.2, an chéad fhleasc, de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2531/98 ón gComhairle an 23 Samhain 1998 maidir le cur i bhfeidhm na gcúlchistí íosta ag an mBanc Ceannais Eorpach ⁽¹⁾,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2532/98 ón gComhairle an 23 Samhain 1998 maidir le cumhachtaí an Bhainc Ceannais Eorpaigh smachtbhannaí a fhorchur ⁽²⁾.

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 ón gComhairle an 23 Samhain 1998 maidir le bailiú faisnéise staidrimh ag an mBanc Ceannais Eorpach ⁽³⁾, agus go háirithe d'Airteagail 5(1) agus 6(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/378 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2021 maidir le ceanglais cúlchiste íosta a chur i bhfeidhm (BCE/2021/1) ⁽⁴⁾,

Rialachán (AE) 2021/379 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2021 maidir le míreanna cláir chomhardaithe institiúidí creidmheasa agus na hearnála institiúidí airgeadais airgeadaíochta (BCE/2021/2) ⁽⁵⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ciallaíonn glacadh an euro ag an mBulgáir an 1 Eanáir 2026 go mbeidh institiúidí atá lonnaithe sa Bhulgáir faoi réir íoscheanglais cúlchiste ón dáta sin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1).
- (2) Chun na heintitis sin a chomhtháthú i gcóras cúlchiste íosta an Eurochórais, is gá forálacha idirthréimhseacha a ghlacadh chun a gcomhtháthú rianúil a áirithiú gan ualach díreireach a chruthú d'institiúidí creidmheasa i mBallstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu, lena n-áirítear an Bhulgáir.
- (3) Airteagal 5 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tugtar le tuiscint go mbailíonn an BCE, le cúnamh ó na bainc cheannais náisiúnta, an fhaisnéis staidrimh riachtanach ó na húdaráis náisiúnta inniúla nó go díreach ó ghníomhairí eacnamaíocha chun ullmhúchán tráthúil a chinntiú sa réimse staidreamh i bhfianaise an ghlactha leis an euro ag Ballstát,

⁽¹⁾ IO L 318, 27.11.1998, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1998/2531/oj>.

⁽²⁾ IO L 318, 27.11.1998, lch. 4, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1998/2532/oj>.

⁽³⁾ IO L 318, 27.11.1998, lch. 8, <http://data.europa.eu/eli/reg/1998/2533/oj>.

⁽⁴⁾ IO L 73, 3.3.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/378/oj>.

⁽⁵⁾ IO L 73, 3.3.2021, lch. 16, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/379/oj>.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo:

- (a) tá feidhm ag na sainmhínithe in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1);
- (b) ciallaíonn ‘institiúid miondíola’ institiúid earr mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (17), de Rialachán (AE) 2021/379 (BCE/2021/2).

Airteagal 2

Forálacha idirthréimhseacha le haghaidh institiúidí atá lonnaithe sa Bhulgáir

1. De mhaolú ar Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1), rithfidh idirthréimhse chothabhála ón 1 Eanáir go dtí an 10 Feabhra 2026 d’institiúidí atá lonnaithe sa Bhulgáir.
2. Saineofar bonn cúltaca gach institiúide atá lonnaithe sa Bhulgáir, cé is moite d’eireabaill, le haghaidh na hidirthréimhse cothabhála i ndáil lena clár comhardaithe amhail an 31 Deireadh Fómhair 2025. Iarrfaidh Българска народна банка (Banc Náisiúnta na Bulgáire) ar institiúidí atá lonnaithe sa Bhulgáir a mbonn cúltaca a thuairisciú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/379 (BCE/2021/2).
3. Saineofar bonn cúltaca gach cúlinstitiúide atá lonnaithe sa Bhulgáir i ndáil lena clár comhardaithe amhail an 30 Meán Fómhair 2025. Iarrfaidh Българска народна банка (Banc Náisiúnta na Bulgáire) ar institiúidí fuíll atá lonnaithe sa Bhulgáir bonn cúlchiste na hidirthréimhse cothabhála a ríomh ar bhonn a gclár comhardaithe amhail an 30 Meán Fómhair 2025.
4. I ndáil leis an idirthréimhse chothabhála, ríomhfaidh institiúid atá lonnaithe sa Bhulgáir nó institiúid atá lonnaithe sa Bhulgáir nó ndáil le haimscísíрска народна банка (Banc Náisiúnta na Bulgáire) cúlchistí íosta na hinstitiúide sin. Déanfaidh an páirtí a ríomhann na cúlchistí íosta a ríomh a chur faoi bhráid an pháirtí eile ionas go dtabharfar dóthain ama don pháirtí sin é a fhíorú agus athbhreithnithe a chur isteach. Deimhneoidh an dá pháirtí na cúlchistí íosta ríofa, lena n-áirítear aon athbhreithnithe orthu, an 19 Nollaig 2025 ar a dhéanaí. Mura ndeimhneoidh an páirtí faoina dtugtar fógra méid na gcúlchistí íosta faoin 19 Nollaig 2025, measfar gur admhaigh sé go bhfuil feidhm ag an méid ríofa le haghaidh na hidirthréimhse cothabhála.
5. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 3(2) go (4) maidir le hinstitiúidí atá lonnaithe sa Bhulgáir ionas go bhféadfaidh na hinstitiúidí sin, le haghaidh a dtréimhsí cothabhála tosaigh, aon dlíteanais atá dlite d’institiúidí sa Bhulgáir a asbhaint óna gcúlchistí, cé nach mbeidh na hinstitiúidí sin, tráth a ríomhfar na cúlchistí íosta, le feiceáil ar liosta na n-institiúidí faoi réir na gceanglas cúlchiste íosta dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1).

Airteagal 3

Forálacha idirthréimhseacha d’institiúidí atá lonnaithe i mBallstáit eile a bhfuil an euro mar airgeadra acu

1. Ní dhéanfaidh an idirthréimhse chothabhála d’institiúidí atá lonnaithe sa Bhulgáir dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) difear don tréimhse chothabhála is infheidhme maidir le hinstitiúidí atá lonnaithe i mBallstáit eile a bhfuil an euro mar airgeadra acu de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1).

2. Féadfaidh institiúidí atá lonnaithe i mBallstáit eile a bhfuil an euro mar airgeadra acu a chinneadh aon dliteanas atá dlite d'institiúidí atá lonnaithe sa Bhulgáir a asbhaint óna mbonn cúlchiste le haghaidh na dtréimhsí cothabhála ón 23 Nollaig 2025 go dtí an 10 Feabhra 2026 agus ón 11 Feabhra go dtí an 24 Márta 2026, cé nach mbeidh na h-institiúidí sin, tráth a ríomhfar na cúlchistí íosta, le feiceáil ar liosta na n-institiúidí atá faoi réir na gceanglas cúlchiste íosta dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1).

3. Déanfaidh institiúidí atá lonnaithe i mBallstáit eile a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus a chinneann dliteanas atá dlite d'institiúidí atá lonnaithe sa Bhulgáir a asbhaint de bhun mhír 2, i gcás na dtréimhsí cothabhála ón 23 Nollaig 2025 go dtí an 10 Feabhra 2026 agus ón 11 Feabhra go dtí an 24 Márta 2026, a gcúlchistí íosta a ríomh ar bhonn a gclár comhardaithe amhail an 31 Deireadh Fómhair 2025 agus an 31 Nollaig 2025 faoi seach agus faisnéis staidrimh a thuairisciú i gcomhréir le Cuid 1 d'Iarscríbhinn III, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/379 (BCE/2021/2) ina dtaispeántar institiúidí atá lonnaithe sa Bhulgáir mar institiúidí atá faoi réir chóras cúlchiste íosta BCE cheana féin.

Beidh an méid sin gan dochar don oibleagáid atá ar institiúidí faisnéis staidrimh a thuairisciú do na tréimhsí lena mbaineann i gcomhréir le Tábla 1 in Cuid 2 d'Iarscríbhinn I, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/379 (BCE/2021/2), a léiríonn fós institiúidí atá lonnaithe sa Bhulgáir mar bhainc atá lonnaithe sa chuid eile den domhan.

Tabharfar tuairisc ar na táblaí de réir na dteorainneacha ama agus na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (AE) 2021/379 (BCE/2021/2).

4. Maidir leis na tréimhsí cothabhála dar tús mí na Nollag 2025 agus mí Feabhra 2026, ríomhfaidh institiúidí earr atá lonnaithe i mBallstáit eile a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus a chinneann dliteanas atá dlite d'institiúidí atá lonnaithe sa Bhulgáir a asbhaint de bhun mhír 2 a gcúlchistí íosta ar bhonn a gclár comhardaithe amhail an 30 Meán Fómhair 2025 agus tuairisceoidh siad faisnéis staidrimh i gcomhréir le Cuid 1 d'Iarscríbhinn III, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/379 (BCE/2021/2) ina dtaispeántar institiúidí atá lonnaithe sa Bhulgáir mar institiúidí atá faoi réir chóras cúlchiste íosta BCE cheana féin.

Maidir leis na tréimhsí cothabhála dar tús mí an Mhárta agus mí na Bealtaine 2026, ríomhfaidh institiúidí earr atá lonnaithe i mBallstáit eile a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus a chinneann dliteanas atá dlite d'institiúidí atá lonnaithe sa Bhulgáir a asbhaint de bhun mhír 2 a gcúlchistí íosta ar bhonn a gclár comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2025, agus tuairisceoidh siad faisnéis staidrimh i gcomhréir le Cuid 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/379 (BCE/2021/2) ina dtaispeántar institiúidí atá lonnaithe sa Bhulgáir mar institiúidí atá faoi réir chóras cúlchiste íosta BCE cheana féin.

Beidh an méid sin gan dochar don oibleagáid atá ar institiúidí faisnéis staidrimh a thuairisciú do na tréimhsí lena mbaineann i gcomhréir le Tábla 1 in Cuid 2 d'Iarscríbhinn II, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/379 (BCE/2021/2), a léiríonn fós institiúidí atá lonnaithe sa Bhulgáir mar bhainc atá lonnaithe sa 'Chuid Eile den Domhan'.

Tabharfar tuairisc ar na táblaí de réir na dteorainneacha ama agus na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (AE) 2021/379 (BCE/2021/2).

Airteagal 4

Forálacha deiridh

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a thabharfar fógra do na seolaithe.
2. Beidh feidhm aige ón 1 Samhain 2025.
3. Gan forálacha speisialta a bheith ann sa Chinneadh seo, beidh feidhm ag na forálacha sna Rialacháin (AE) 2021/378 (BCE/2021/1) and (AE) 2021/379 (BCE/2021/2).

*Airteagal 5***Seolaithe**

Dírítear an Cinneadh seo chuig Българска народна банка (Banc Náisiúnta na Bulgáire), chuid institiúidí atá lonnaithe sa Bhulgáir agus chuig institiúidí atá lonnaithe i mBallstáit eile a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 23 Meán Fómhair 2025.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE
